

FOLÚNTAS

# Bainisteoir Tionscadal

Aonad: TFC
Tagairt: ECDC/AST/2019/PM-ICT

Iarrtar iarratais ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

## Sainchuntas poist

Tuairisceoidh an Sealbhóir Poist don Ghrúpcheannaire um Bainistíocht Tionscadal. Beidh sé/sí freagrach as bainistiú tionscadal agus bainistiú táirgí a dhéanamh ar réitigh TF agus as punann réiteach TF a chomhordú.

Beidh freagracht air/uirthi as na réimsí oibre a leanas go háirithe:

- Tionscadail a bhainistiú i gcomhréir le modheolaíocht an tionscadail agus le nósanna imeachta ECDC;
- Ídiú acmhainní, chomh maith le buiséid ghaolmhara, a phleanáil, a rialú agus faireachán a dhéanamh orthu;
- Comhoibriú agus cumarsáid a dhéanamh ar gach leibhéal san eagraíocht chun feasacht chuí, scaipeadh faisnéise agus pleanáil acmhainní a bhaint amach i ndáil le gach gníomhaíocht i rith saolré an tionscadail chun rannpháirtíocht fhóinteach na bpáirtithe leasmhara a áirithiú;
- Bainistiú a dhéánamh ar sholáthar agus conarthaí le soláthraithe seirbhíse seachtracha;
- A áirithiú go ndéantar na tionscadail shannta agus an chothabháil táirgí ar fad a sholáthar in am agus de réir an raoin feidhme, na cáilíochta riachtanaí agus an bhuiséid;
- Ról an anailísí gnó a chomhlíonadh nuair is gá, m.sh. riachtanais úsáideoirí a anailísiú agus a dhoiciméadú, riachtanais a shonrú, dearbhú cáilíochta a dhéanamh nó oiliúint a chur ar úsáideoirí de réir mar is gá;
- Aon chúraimí eile a bhaineann lena réimse oibre, de réir mar a iarrtar.

